C/2026/5556

29.10.2026

FÓGRA FOLÚNTAIS Uimh. COR/AD14/30BIS/26

Stiúrthóir (F/B) ([1])

(C/2026/5556)

Stiúrthóireacht	Stiúrthóireacht na Cumarsáide
Folúntas	AD14
Cineál poist	STIÚRTHÓIR
	Arna fhoilsiú faoi Airteagal 29(2) de na Rialacháin Foirne *Arna fhoilsiú go comhuaineach faoi Airteagal 29(1) de na Rialacháin Foirne*
Dáta an fhoilsithe	29 Deireadh Fómhair 2026
Sprioc-am:	**10 Nollaig 2026 ag meán lae (am na Bruiséile, am Lár na hEorpa)**

1. Eolas fúinne

Is é Coiste Eorpach na Réigiún (CnaR) tionól polaitiúil na n-ionadaithe áitiúla agus réigiúnacha ar leibhéal an Aontais Eorpaigh agus an guth atá ag 1,2 milliún polaiteoir tofa ar an leibhéal áitiúil agus réigiúnach. Tá 329 gcomhalta agus 329 gcomhalta mhalartacha in CnaR agus sainordú toghchánach acu, nó atá freagrach go polaitiúil do thionól tofa, ar an leibhéal réigiúnach nó áitiúil. Cinntíonn na comhaltaí go gcuirtear dearcadh na n-údarás áitiúil agus réigiúnach san áireamh i bpróiseas cinnteoireachta agus reachtóireachta an Aontais Eorpaigh. Is iad na húdaráis sin bunchloch an daonlathais Eorpaigh agus is iad atá freagrach as thart ar 70 % de bheartais an Aontais a chur chun feidhme, sin agus as aon trian den chaiteachas poiblí agus as leath den infheistíocht phoiblí.

Tá thart ar 60 oifigeach agus ball foirne eile i Stiúrthóireacht na Cumarsáide. Is iad na príomhchúraimí atá ar an Stiúrthóireacht freastal ar riachtanais cumarsáide polaitiúla chomhaltaí CnaR agus, ar bhonn níos ginearálta, na n-ionadaithe áitiúla agus réigiúnacha i gcoitinne, sin agus nasc níos dlúithe a chruthú idir an chumarsáid agus obair pholaitiúil agus reachtach CnaR, agus gníomhaíochtaí cumarsáide comhtháite a fhorbairt agus a chur chun feidhme. Tá na ceithre fhoireann seo a leanas sa Stiúrthóireacht:

— **D.I – an comhordú straitéiseach, an phleanáil, an tionchar agus an fhor-rochtain**: is í an fhoireann seo atá i bhfeighil an chomhordaithe straitéisigh, phleanáil na cumarsáide, an mheasúnaithe tionchair, na for-rochtana díláraithe, na cumarsáide inmheánaí agus an chomhair leis na hinstitiúidí Eorpacha agus le comhpháirtithe eile.

— **D.1 – an preas agus na meáin**: is í an fhoireann seo a bhíonn i dteagmháil leis an bpreas agus na meáin, a dhéanann faireachán ar na meáin agus a fhorbraíonn insintí soiléire agus ábhar soiléir a léiríonn obair pholaitiúil agus reachtach CnaR agus a thacaíonn leis na comhaltaí.

— **D.2 – eagrú imeachtaí agus idirphlé áitiúil**: is í an fhoireann seo a dhéanann comhordú ar imeachtaí, comhdhálacha agus an t-idirphlé áitiúil sa Bhruiséil agus sna réigiúin trí chéile, agus ar ghníomhaíochtaí for-rochtana trí bhíthin líonraí ionadaithe tofa áitiúla agus réigiúnacha CnaR.

— **D.3 – an chumarsáid dhigiteach**: is í an fhoireann seo a fhorbraíonn agus a fheabhsaíonn láithreacht CnaR ar na bealaí digiteacha, lena n-áirítear an chumarsáid ghréasáin, na meáin shóisialta agus an chumarsáid amhairc.

([1]) Teanga ionchuimsitheach atá neodrach i dtaobh inscne a úsáidtear san fhógra folúntais seo. Aon tagairt do dhuine d'inscne sonrach, caithfear í a mheas mar thagairt do dhaoine de gach inscne eile chomh maith.

2. **Dualgais**

Oibríonn an Stiúrthóir faoi údarás díreach an Ardrúnaí. Is é a dhéanann obair Stiúrthóireacht na Cumarsáide a eagrú agus a mhaoirsiú agus a dhéanann faireachán ar an obair sin. Tá an cúram ar an Stiúrthóir, go háirithe, cur le hinfheictheacht phoiblí CnaR agus an tionchar a bhíonn ag CnaR a neartú. Seo mar a dhéantar sin:

— tógáil ar straitéis chumarsáide CnaR, tuilleadh dul chun cinn a dhéanamh maidir le straitéis chumarsáide chomhtháite a fhorbairt agus a chur chun feidhme ar son na hinstitiúide, d'fhonn tacú le misean CnaR i dtaobh tionchar a imirt ar bheartais agus reachtaíocht an Aontais, riachtanais agus tosaíochtaí na n-údarás áitiúil agus réigiúnach a chur in iúl, aird a tharraingt ar obair Thionól CnaR agus ar choimisiúin chomhairleacha an Choiste agus an breisluach uathúil a bhaineann le CnaR a léiriú go soiléir;

— an caidreamh déthaobhach laethúil a bhíonn ag CnaR le hiriseoirí na meán cumarsáide Eorpach, náisiúnta agus fonáisiúnta a neartú, d'fhonn deiseanna a aithint chun tionchar a imirt ar na meáin, agus faireachán a dhéanamh ar an gclár oibre polaitiúil agus meán cumarsáide agus ar threochtaí na meán sóisialta agus cur leis an gcumarsáid ghréasáin agus le gníomhaíochtaí na meán sóisialta mar ghnéithe tábhachtacha de straitéis atá dírithe níos mó ar an bpobal agus ar an éileamh;

— tacaíocht a thabhairt do chomhlachtaí reachtúla CnaR, d'Uachtarán CnaR, do rapóirtéir straitéis chumarsáide CnaR, agus do cheannairí polaitiúla nó comhaltaí eile de chuid CnaR, ionas gur féidir leo clár oibre beartais an Aontais a thuar agus a dtuairimí a nochtadh ina leith de réir mar a athraíonn sé ó sheachtain go seachtain, agus aird a tharraingt ar réimsí beartais CnaR agus ar na tograí uaidh, agus ábhar cumarsáide soiléir simplí atá réidh le húsáid a chur ar fáil do na comhaltaí chun cabhrú leo cumarsáid a dhéanamh le pobail áitiúla agus réigiúnacha;

— plé rialta a dhéanamh le rúnaíochtaí na ngrúpaí polaitiúla maidir leis na gníomhaíochtaí cumarsáide;

— feidhmiú mar chomhordaitheoir ghníomhaíochtaí eagarthóireachta CnaR, agus comhleanúnachas, soiléire agus ailíniú straitéiseach an ábhair eagarthóireachta a áirithiú sa Stiúrthóireacht agus ar fud na hinsitiúide, dlúthnaisc a chothú idir na gníomhaíochtaí cumarsáide agus na tosaíochtaí polaitiúla, agus rannchuidiú le cur chun feidhme agus measúnú straitéis chumarsáide CnaR;

— gníomhaíochtaí cumarsáide agus for-rochtana díláraithe a fhorbairt trí bhíthin imeachtaí áitiúla agus idirphlé áitiúil agus úsáid straitéiseach a bhaint as líonraí CnaR, lena n-áirítear Líonra Chomhairleoirí Áitiúla an Aontais Eorpaigh agus Clár na bPolaiteoirí Tofa Óga, i gcomhar leis na húdaráis áitiúla agus réigiúnacha, na geallsealbhóirí a bhfuil baint acu le príomhréimsí beartais CnaR agus na hinstidiúidí Eorpacha eile;

— an nuálaíocht agus an nuachóiriú a spreagadh sna modhanna agus sna bealaí cumarsáide, lena n-áirítear úsáid fhreagrach na hintleachta saorga agus teicneolaíochtaí eile atá ag teacht chun cinn;

— rannchuidiú le próiseas cinnteoireachta an lucht bainistíochta sinsearaí, faoi stiúir an Ardrúnaí;

— aonaid na Stiúrthóireachta a eagrú, a chomhordú, a bhainistiú agus maoirseacht a dhéanamh ar a gcuid oibre;

— acmhainní daonna agus buiséadacha na Stiúrthóireachta a bhainistiú go héifeachtach, leas a bhaint as uirlisí nua-aimseartha chun an leithdháileadh acmhainní a bharrfheabhsú, na baill foirne a dhíriú ar chúraimí a bhfuil breisluach níos airde leo agus sineirgí agus gnóthachain éifeachtúlachta a chur chun cinn;

— na hacmhainní airgeadais a sannadh don Stiúrthóireacht, lena n-áirítear buiséadú iontaofa tionscadal agus anailís riosca, a phleanáil, a bhainistiú agus a thuairisciú, agus dualgais an oifigigh údarúcháin trí tharmligean a chomhlíonadh de réir na dteorainneacha atá leagtha síos;

— caidreamh a chothú agus a fhorbairt tuilleadh le hinstitiúidí eile an Aontais agus ionadaíocht a dhéanamh thar ceann CnaR i gcomhlachtaí idirinstitiúideacha.

3. **Incháilitheacht**

Na harrthóirí a chomhlíonann na coinníollacha seo a leanas faoin sprioc-am atá socraithe chun iarratais a chur isteach, beidh siad in ann páirt a ghlacadh sa nós imeachta roghnúcháin:

(i) *Stádas riaracháin*

Caithfidh iarrthóirí

— a bheith ina náisiúnach de cheann de Bhallstáit an Aontais Eorpaigh;

— lánchearta mar shaoránach a bheith acu agus a bheith in ann teistiméireachtaí carachtair iomchuí a chur ar fáil maidir lena oiriúnaí atá siad do na dualgais a bheidh le comhlíonadh ([2]);

([2]) Sula ndéanfar an ceapachán, iarrfar ar an iarrthóir rathúil deimhniú a chur ar fáil ina dtabharfar le fios nach bhfuil aon taifead coiriúil aige nó aici.

— aon oibleagáidí faoi na dlíthe a bhaineann le seirbhís mhíleata a bheith comhlíonta acu;

— a bheith faoi bhun na haoise scoir a dtiocfaidh éifeacht léi, i gcás oifigigh agus bhaill foirne eile an Aontais Eorpaigh, ag deireadh na míosa sin ina mbeidh siad 66 bliana d'aois;

— a bheith corpacmhainneach chun na dualgais a chomhlíonadh – cinnteofar sin trí scrúdú a dhéanfaidh oifigeach leighis CnaR ar an iarrthóir rathúil sula ndéanfar aon cheapachán.

(ii) *Na cáilíochtaí a theastaíonn*

Ní foláir leibhéal oideachais a bheith ag iarrthóirí arb ionann é agus cúrsa ollscoile críochnaithe atá deimhnithe trí bhíthin dioplóma ([3]) a aithnítear go hoifigiúil i gceann de Bhallstáit an Aontais Eorpaigh:

— maidir le cúrsa ollscoile de ghnáth-thréimhse ceithre bliana nó os a chionn; nó

— maidir le cúrsa ollscoile de ghnáth-thréimhse trí bliana ar a laghad, agus taithí ghairmiúil ábhartha a mhair bliain amháin ar a laghad. Ní chuirfear an taithí bliana seo san áireamh nuair a bheidh meastóireacht á déanamh ar an taithí ghairmiúil riachtanach de bhun phointe 3(iii).

(iii) *Taithí ghairmiúil riachtanach*

Tar éis do na hiarrthóirí na cáilíochtaí atá leagtha amach faoi phointe 3(ii) a ghnóthú, níor mhór cúig bliana déag ar a laghad de thaithí ghairmiúil a bheith acu i réimse a bhaineann leis an bpost, agus cúig bliana díobh sin ar a laghad a bheith caite i ról inarbh í an chumarsáid an phríomhghníomhaíocht. As na cúig bliana déag sin, níor mhór cúig bliana díobh ar a laghad a bheith caite i bpost bainistíochta (cineál poist: ceann aonaid nó a choibhéis nó níos airde).

(iv) *Eolas ar theangacha*

Ní foláir sáreolas a bheith ag iarrthóirí ar cheann amháin de theangacha oifigiúla an Aontais Eorpaigh agus eolas sásúil a bheith acu ar theanga oifigiúil eile de chuid an Aontais. Ar chúiseanna a bhaineann leis an obair, teastaíonn eolas maith ar an mBéarla nó ar an bhFraincis (leibhéal B2 ar a laghad den Chreat Comhchoiteann Tagartha Eorpach le haghaidh Teangacha ([4])). Ba bhuntáiste eolas maith a bheith acu ar an dara ceann den dá theanga sin. Ina theannta sin, is buntáiste é a bheith in ann cumarsáid éifeachtach a dhéanamh i dteangacha oifigiúla eile de chuid an Aontais Eorpaigh.

Féach gur sainíodh na ceanglais teanga san fhógra folúntais seo ar mhaithe le leas na seirbhíse, óir is gá don Stiúrthóir nua a bheith in ann dul i mbun oibre láithreach agus cumarsáid a dhéanamh go héifeachtach ina chuid oibre nó ina cuid oibre ó lá go lá. Is nós seanbhunaithe é faoin tráth seo an Béarla agus an Fhraincis a úsáid, den chuid is mó, i ngach cumarsáid inmheánach in CnaR agus is iad sin an dá theanga is mó a bhfuil gá leo nuair a bhíonn cumarsáid á déanamh le geallsealbhóirí seachtracha freisin.

4. **Critéir réamhroghnúcháin *(measúnú ar an gcomhad iarratais)***

Is é a dhéanfar i gcéim an réamhroghnúcháin measúnú comparáideach **ar thaithí oibre na n-iarrthóirí incháilithe** ar bhonn na faisnéise atá i gcomhaid na n-iarrthóirí.

Tabharfar tús áite d'iarrthóirí a bhfuil na nithe seo a leanas acu:

4.1. *Eolas agus taithí atá ábhartha do dhualgais an phoist*

— taithí ghairmiúil shuntasach sa chumarsáid institiúideach, pholaitiúil nó earnála poiblí, lena n-áirítear an caidreamh leis na meáin, taithí ar a bheith ag obair le hiriseoirí agus ar chomhairle cumarsáide straitéisí a thabhairt agus ar thacaíocht a thabhairt do chinnteoirí sinsearacha nó d'ionadaithe poiblí;

([3]) Ní chuirfear san áireamh ach dioplómaí agus teastais a bronnadh i mBallstáit an Aontais Eorpaigh nó atá faoi réir teastais chomhionannais arna n-eisiúint ag údaráis sna Ballstáit atá i gceist.

([4]) https://www.coe.int/en/web/common-european-framework-reference-languages/table-1-cefr-3.3-common-reference-levels-global-scale.

— cruthúnas ar thaithí maidir le straitéisí cumarsáide atá dírithe ar an bpobal a shainiú agus a chur chun feidhme agus an tionchar acu a mheas, lena n-áirítear taithí ar chumarsáid a dhéanamh le pobail áitiúla agus réigiúnacha agus ar insintí stuama agus ábhar eagarthóireachta loighciúil a dhéanamh as tosaíochtaí beartais nó polaitiúla agus a chur ar fáil ar na meáin chumarsáide, dhigiteacha, ghréasáin agus shóisialta;

— cruthúnas ar thaithí ar ghníomhaíochtaí cumarsáide agus for-rochtana díláraithe trí bhíthin imeachtaí, idirphlé, líonraí agus comhpháirtíochtaí le raon leathan geallsealbhóirí, agus ar mhodhanna agus bealaí cumarsáide nuálacha a fhorbairt, lena n-áirítear tríd an intleacht shaorga agus teicneolaíochtaí eile atá ag teacht chun cinn a úsáid go freagrach.

4.2 *Scileanna ceannaireachta*

— taithí ar fhoirne ilchultúrtha measartha mór a stiúradh, lena n-áirítear treoir a thabhairt do bhaill foirne a bhfuil dualgais chomhordúcháin nó mhaoirseachta orthu, cuspóirí a shocrú, aiseolas a thabhairt, measúnú a dhéanamh ar bhaill foirne agus tacú le forbairt na foirne;

— cruthúnas ar thaithí ar acmhainní daonna agus airgeadais a bhainistiú agus ar athrú eagraíochtúil ar mórscála a stiúradh nó a chur chun feidhme trí leas a bhaint as modhanna oibre agus uirlisí nua-aimseartha agus as réitigh réamhbhreathnaitheacha;

— eolas ar nósanna imeachta buiséadacha, dlíthiúla agus riaracháin an Aontais Eorpaigh. Ba bhuntáiste taithí ar leithreasuithe buiséid AE a bhainistiú i ról an oifigigh údarúcháin trí tharmligean.

4.3 *Spreagadh agus fís*

Agus iarrthóirí á réamhroghnú, cuirfear san áireamh freisin a spreagtha atá siad dualgais Stiúrthóireacht na Cumarsáide a chur i gcrích agus an fhís atá acu maidir le straitéis chumarsáide CnaR a mhúnlú agus ról an Stiúrthóra a chomhlíonadh, de réir mar a bheidh leagtha amach acu sa litir chumhdaigh.

5. **Critéir roghnúcháin *(agallamh)***

I gcéim an roghnúcháin cuirfear na hiarrthóirí atá ar an ngearrliosta faoi agallamh. Lena linn sin, cuirfidh an bord roghnúcháin dá dtagraítear i bpointe 6 roinnt ceisteanna den chineál céanna ar gach iarrthóir le go bhféadfar measúnú comparáideach a dhéanamh ar na hiarrthóirí a bheidh á mbreithniú ag an gcéim seo.

Beidh an t-agallamh dírithe go sonrach ar na nithe seo a leanas:

— eolas agus tuiscint ar thimpeallacht pholaitiúil agus institiúideach CnaR, ar thimpeallacht na meán agus ar riachtanais agus modhanna oibre na n-iriseoirí, agus ar na príomhdhúshláin agus na príomhdheiseanna i réimse na cumarsáide, lena n-áirítear na cinn sin a thagann as an intleacht shaorga agus as teicneolaíochtaí eile atá ag teacht chun cinn;

— fís straitéiseach agus an cumas breithiúnas a thabhairt, lena n-áirítear an cumas athruithe polaitiúla, sochaíocha, teicneolaíocha agus na meán a thuar, agus straitéisí cumarsáide éifeachtacha nuálacha a dhearadh agus a chur chun feidhme, i gcomhréir le tosaíochtaí polaitiúla CnaR;

— scileanna ceannaireachta agus bainistíochta, lena n-áirítear an cumas foirne a spreagadh agus a stiúradh, athruithe a bhainistiú, an comhar a chothú agus torthaí follasacha a dhéanamh as cuspóirí straitéiseacha;

— spreagadh agus scileanna idirphearsanta, lena n-áirítear an cumas comhoibriú go héifeachtach, comhdhearcadh a chothú agus caidreamh dearfach a choinneáil le raon leathan geallsealbhóirí inmheánacha agus seachtracha;

— sárscileanna cumarsáide agus sárscileanna maidir le tionchar a imirt, lena n-áirítear an cumas cumarsáid a dhéanamh go soiléir agus le héifeacht, caidreamh a bhunú le pobail éagsúla, labhairt go poiblí agus ionadaíocht a dhéanamh go hiontaofa thar ceann na Stiúrthóireachta agus CnaR i gcomhthéacsanna seachtracha agus idirinstitiúideacha.

Ar chúiseanna feidhmiúla agus d'fhonn an nós imeachta roghnúcháin a chur i gcrích a luaithe is féidir ar mhaithe leis na hiarrthóirí agus leis an institiúid, is i mBéarla nó i bhFraincis, de réir rogha an iarrthóra, a dhéanfar an t-agallamh. Déanfar an t-eolas maith ar an mBéarla nó ar an bhFraincis a cheanglaítear de réir phointe 3(iv) a mheas le linn an agallaimh. Féadfar eolas an iarrthóra ar an gceann eile den dá theanga sin a mheas freisin le linn an agallaimh, i gcás inarb ábhartha, mar bhuntáiste i gcomhréir le pointe 3(iv).

6. **An nós imeachta céim ar chéim**

6.1. *Na comhaid iarratais a chur isteach*

Ní ghlacfar ach le comhaid iarratais a chuirfear isteach go leictreonach **i bhformáid pdf *nach mó* ná 10 MB** chuig an seoladh seo a leanas: Recruitment.DirD@cor.europa.eu

Iarrthóirí atá faoi mhíchumas a chuireann bac orthu a n-iarratas a chur isteach ar líne, féadfaidh siad a n-iarratas a sheoladh tríd an bpost cláraithe chuig an seoladh: *Comité européen des régions, à l'attention du chef de l'unité Recrutement et carrière, Rue Belliard/Belliardstraat 101, 1040 Bruxelles/Brussel, BELGIQUE/BELGIË*, agus 'Confidentiel - avis de vacance – à ne pas ouvrir par le service courrier' marcáilte ar an gclúdach litreach, faoin sprioc-am atá luaite i bpointe 6.2 ar a dhéanaí, agus is é an postmharc a chruthóidh gur cuireadh sa phost faoin dáta sin é. I gcás den sórt sin, beidh ar na hiarrthóirí teastas lena n-aithnítear a stádas mar dhuine faoi mhíchumas agus a d'eisigh comhlacht údaraithe a chur isteach lena n-iarratas. Iarrtar orthu freisin a chur in iúl i scríbhinn má tá aon rud ar leith a mheasann siad a bheith riachtanach le go bhféadfaidh siad páirt a ghlacadh sa nós imeachta earcaíochta. Is tríd an bpost a dhéanfar aon chumarsáid bhreise idir CnaR agus na hiarrthóirí sin.

Ní mór **uimhir thagartha an fhógra folúntais (COR/AD14/30BIS/26) a lua sa réir na gcomhréir** sa chomhad iarratais agus an méid seo a leanas a bheith sa chomhad:

— litir chumhdaigh (5 leathanach ar a mhéad) i mBéarla nó i bhFraincis, agus dáta agus síniú uirthi, ina dtabharfar le fios an spreagadh atá ag an iarrthóir, ina dtabharfar fianaise maidir lena ndea-theist chruthaithe ar bhonn na gcritéar atá leagtha amach i bpointe 4 agus an fhís atá acu maidir le straitéis chumarsáide CnaR a mhúnlú agus ról an Stiúrthóra a fheidhmiú;

— curriculum vitae atá cothrom le dáta (i bhformáid Europass) i mBéarla nó i bhFraincis;

— an dearbhú de mheon macánta, agus dáta agus síniú air, (féach an fhoirm in Iarscríbhinn I) lena ndeimhnítear gur comhlíonadh na coinníollacha incháilitheachta a liostaítear i bpointe 3;

— an seicliosta atá in Iarscríbhinn II, agus dáta agus síniú air;

— cóip de dhoiciméad aitheantais;

— cóip den dioplóma ollscoile lena ndeimhnítear an leibhéal oideachais riachtanach de bhun phointe 3(ii);

— cóipeanna den fhianaise ar thaithí ghairmiúil lenar féidir taithí an iarrthóra a fhíorú, i gcomhréir leis na coinníollacha atá leagtha amach i bpointe 3.

Ní gá na cóipeanna a chuirtear isteach leis an iarratas a dheimhniú mar chóipeanna atá ag teacht leis an leagan bunaidh. Forchoimeádann CnaR an ceart soiléiriú a iarraidh i dtaobh na ndoiciméad tacaíochta.

Ní bhreithneofar comhaid iarratais neamhiomlána ná comhaid a chuirtear isteach tar éis an sprioc-ama ná comhaid nach gcloíonn leis na rialacha lena rialaítear an chaoi ar gá iarratais a chur isteach. Cuirfidh aon dearbhú bréagach faoi deara go bhfuil an t-iarratas ar neamhní.

6.2 *Sprioc-am le haghaidh iarratais a dhéanamh: 10 Nollaig 2026 ag meán lae (am na Bruiséile)*

Gheobhaidh na hiarrthóirí admháil trí ríomhphost go bhfuarthas a gcomhad iarratais. Déanfar comhaid iarratais a thagann tríd an bpost cláraithe i gcomhréir le pointe 6.1 a admháil tríd an bpost.

6.3 *Scrúdú an iarratais, céim an réamhroghnúcháin agus céim an roghnúcháin*

Is bord roghnúcháin ar a mbeidh Uachtarán CnaR, Céad-Leas-Uachtarán CnaR agus cathaoirligh na ngrúpaí polaitiúla, nó a n-ionadaithe, a dhéanfaidh na hiarratais a mheas. Cuirfidh an Ardrúnaíocht cúnamh riaracháin ar fáil don bhord roghnúcháin ag gach céim den phróiseas. Is ionadaithe údaraithe de chuid na hArdrúnaíochta, agus iadsan amháin, a bheidh in ann freastal ar na céimeanna sin agus a bhfeidhmeanna faoi seach á gcomhlíonadh acu.

Beidh an tUachtarán agus gach ball den bhord roghnúcháin in ann cúnamh a fháil ó dhuine iontaofa ainmnithe agus a n-obair féin á hullmhú acu, ar choinníoll go bhfuil an dearbhú rúndachta sínithe ag an duine lena mbaineann. Is faoi rún, áfach, a dhéanfar obair chomhpháirteach an bhoird roghnúcháin.

Tá *na ceithre chéim* seo a leanas sa phróiseas:

6.3.1. Seiceáil incháilitheachta

Déanfar comhlíonadh na gcritéar incháilitheachta atá leagtha amach i bpointe 3 a mheas ar bhonn na faisnéise a bheidh tugtha sa dearbhú de mheon macánta agus sna doiciméid tacaíochta oifigiúla, go háirithe an fhaisnéis a bhaineann leis an taithí ghairmiúil. Maidir le faisnéis a bheidh tugtha sa CV nó sa litir chumhdaigh gan aon chruthúnas a bheith tugtha ina leith sna doiciméid tacaíochta riachtanacha, ní chuirfear san áireamh í sa tseiceáil incháilitheachta.

Maidir leis an taithí ghairmiúil a cheanglaítear faoi phointe 3, beidh ar na hiarrthóirí cóipeanna de na doiciméid tacaíochta a chur ar fáil ina mbeidh sé tugtha le fios na cineálacha dualgais agus sonraí na ndualgas a cuireadh i gcrích, na tréimhsí ina raibh na poist sin ag an iarrthóir agus an leibhéal freagrachta a bhí i gceist.

Maidir le comhlíonadh na gceanglas teanga atá leagtha amach i bpointe 3(iv), is ar bhonn an dearbhaithe de mheon macánta a dhéanfar sin a fhíorú ag an gcéad chéim.

Na hiarrthóirí sin a measfar nach bhfuil a n-iarratas incháilithe, cuirfear ar an eolas iad faoi sin.

6.3.2. Réamhroghnú, gearrliosta agus ionad measúnaithe

Déanfaidh an bord roghnúcháin na hiarratais atá incháilithe de réir na seiceála incháilitheachta a chur i gcomparáid le chéile d'fhonn iad a mheas de bhun na gcritéar réamhroghúcháin atá leagtha amach i bpointe 4. Cuirfear na hiarrthóirí is fearr a chomhlíonann na critéir sin ar ghearrliosta ar a mbeidh seachtar iarrthóirí ar a mhéad.

Chun críocha na céime réamhroghnúcháin sin ar bhonn na gcomhad iarratais, iarrtar ar na hiarrthóirí béim a leagan ina litir chumhdaigh ar na gnéithe dá dtaithí ghairmiúil a léiríonn mar a chomhlíonann siad na critéir réamhroghnúcháin atá leagtha amach i bpointe 4, an spreagadh atá acu dualgais Stiúrthóir Stiúrthóireacht na Cumarsáide a chur i gcrích, agus an fhís atá acu maidir le straitéis chumarsáide CnaR a mhúnlú agus ról an Stiúrthóra a fheidhmiú.

Na hiarrthóirí a chuirfear ar an ngearrliosta, iarrfar orthu freastal ar ionad measúnaithe sula gcuirfear faoi agallamh iad. Cuirfear ar an eolas faoin gclár agus faoin modheolaíocht iad in am trátha. Is é cuspóir an mheasúnaithe sin measúnú a dhéanamh ar a scileanna bainistíochta, lena n-áirítear mar a láimhseálann siad faisnéis, cúraimí, daoine agus caidrimh idirphearsanta, agus ar a gcumas spriocanna a bhaint amach. Ní toradh ceangailteach a bheidh i dtoradh an mheasúnaithe sin. Is ionchur breise é is féidir leis an mbord roghnúcháin a úsáid le linn an agallaimh.

Na hiarrthóirí sin nach gcuirfear ar an ngearrliosta, cuirfear ar an eolas iad faoi sin.

6.3.3. An t-agallamh

Tar éis chéim an ionaid measúnaithe, tabharfar cuireadh do na hiarrthóirí atá ar an ngearrliosta dul faoi agallamh leis an mbord roghnúcháin de réir mar atá leagtha amach i bpointe 5.

6.3.4. An ceapachán

Tar éis chéim an agallaimh, roghnóidh an bord roghnúcháin an t-iarrthóir is oiriúnaí le dul i mbun dhualgais an Stiúrthóra Cumarsáide. Molfaidh an tArdrúnaí an t-iarrthóir sin don Bhiúró, agus féadfaidh an Biúró cuireadh chun éisteachta a thabhairt don iarrthóir sin. Ní tharraingeofar suas aon phainéal ionadaithe.

Cuirfear na hiarrthóirí nár moladh le haghaidh ceapacháin ar an eolas faoi sin nuair a bheidh deireadh leis an bpróiseas.

I gcomhréir le Rialacha Nós Imeachta CnaR, braitheann ceapachán aon oifigigh i bpost de chineál Stiúrthóra nó a choibhéis ar vóta fabhrach a fháil ón mBiúró. I gcás vóta fabhrach, tabharfaidh an Biúró treoir d'Uachtarán CnaR an cinneadh lena gcumhdaítear ceapachán an iarrthóra atá molta a shíniú. Mura gcaithe an Biúró vóta ar son an iarrthóra atá molta, cuirfear deireadh leis an nós imeachta roghnúcháin gan aon duine a cheapadh.

6.4. *Forálacha ginearálta is infheidhme maidir leis an nós imeachta*

Faoi chuimsiú an fhógra folúntais seo, scrúdóidh an tÚdarás Ceapacháin na féidearthachtaí chun an folúntas a líonadh i gcomhréir leis an ordú atá leagtha amach in Airteagal 29 de na Rialacháin Foirne: scrúdú na n-iarratas faoi Airteagal 29(1)(a) (post le líonadh trí aistriú, trí cheapachán nó trí ardú céime), ansin faoi Airteagal 29(1)(b) (aistriú idir institiúidí), agus ar deireadh faoi Airteagal 29(2). Déanfar an t-ordú sin a chomhlíonadh ag gach ceann de na céimeanna atá leagtha amach thuas.

D'fhonn an éagsúlacht a chur chun cinn i measc na mbainisteoirí sinsearacha, féadfar, i gcás ina mbeadh an tuillteanas céanna ag níos mó ná iarrthóir amháin atá ag déanamh iarratais faoin gcatagóir chéanna (Airteagal 29(1)(a), Airteagal 29(1)(b) nó Airteagal 29(2), in ord íslitheach tosaíochta), tosaíocht a thabhairt d'iarrthóirí a chabhródh chun ionadaíocht ní ba chothroime ó thaobh inscne de a bhaint amach nó a chuirfeadh leis an éagsúlacht thíreolaíoch i measc bhainisteoirí sinsearacha CnaR.

7. **Coinníollacha earcaíochta**

An t-iarrthóir a roghnófar faoin bhfógra folúntais seo, ceapfar é nó í ina Stiúrthóir ar Stiúrthóireacht na Cumarsáide (AD14). Oifigeach a cheapfar den chéad uair i bpost bainistíochta institiúide, comhlachta nó gníomhaireachta atá faoi réir Rialacháin Foirne Oifigigh an Aontais Eorpaigh, beidh air nó uirthi tréimhse phromhaidh naoi mí a chur isteach.

8. **Amchlár sealadach**

Sprioc-am le haghaidh iarratas:	an 10 Nollaig 2026 ag meán lae (am na Bruiséile)
Seiceáil incháilitheachta + gearrliosta:	Eanáir 2027
Ionad measúnaithe:	Feabhra 2027
Agallaimh:	Aibreán 2027
Dáta earcaíochta atá tuartha:	Meitheamh 2027

Is amchlár sealadach é seo agus féadfar é a mhodhnú más gá. Cuirfear na hiarrthóirí atá ar an ngearrliosta ar an eolas in am trátha.

9. **Faisnéis ghinearálta**

Déanfar an ceapachán ar choinníoll go bhfuil an buiséad ar fáil dó.

Níor cheart do na hiarrthóirí, i gcás ar bith, teagmháil dhíreach nó indíreach a dhéanamh leis an mbord roghnúcháin i dtaobh an nós imeachta roghnúcháin seo. Forchoimeádann an bord roghnúcháin an ceart aon iarrthóir nach gcloíonn leis an treoir sin a chur as an áireamh.

Cinnteoidh CnaR go ndéanfar sonraí pearsanta na n-iarrthóirí a phróiseáil i gcomhréir iomlán le forálacha Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([5]).

Tá eolas i dtaobh cosaint sonraí le fáil san Fhógra maidir le Cosaint Sonraí:

Cosaint sonraí — Coiste Eorpach na Réigiún ([6])

Is fostóir comhdheiseanna é CnaR, rud a chuireann cosc ar aon idirdhealú.

10. **Iarrataí ar athbhreithniú agus gearáin**

Gan dochar don cheart atá ag na hiarrthóirí gearán a dhéanamh faoi Airteagal 90(2) de na Rialacháin Foirne nó caingean a thabhairt os comhair Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh faoi Airteagal 91 de na Rialacháin Foirne, féadfaidh siad athbhreithniú inmheánach a iarraidh ar aon chinneadh a rinne an bord roghnúcháin má chuireann an cinneadh sin isteach go díreach agus láithreach bonn ar a stádas sa nós imeachta roghnúcháin ar an ábhar nár comhlíonadh na rialacha lena rialaítear an nós imeachta roghnúcháin mar atá leagtha síos san fhógra folúntais seo.

([5]) Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2018 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 agus Cinneadh Uimh. 1247/2002/CE (IO L 295, 21.11.2018, lch. 39, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2018/1725/oj).

([6]) https://cor.europa.eu/en/data-protection.

Ní mór an iarraidh chuí-réasúnaithe sin a sheoladh trí ríomhphost chuig Recruitment.DirD@cor.europa.eu laistigh de chúig lá oibre ón dáta a cuireadh an cinneadh in iúl don iarrthóir trí ríomhphost. Ní mór an cinneadh lena mbaineann a thabhairt le fios inti agus na forais ar a bhfuil an iarraidh bunaithe a leagan amach.

Déanfaidh an bord roghnúcháin a chinneadh ina leith sin agus cuirfear freagra réasúnaithe chuig an iarrthóir in am agus i dtráth.

Uachtarán
Choiste Eorpach na Réigiún
Kata TÜTTŐ

IARSCRÍBHINN I

FÓGRA FOLÚNTAIS UIMH. COR/AD14/30BIS/26

DEARBHÚ DE MHEON MACÁNTA

Airteagal 29(2)

AN tIARRTHÓIR

Sloinne agus céadainm: .....

Dearbhaím go bhfuil an fhaisnéis agus na doiciméid go léir a chuir mé ar fáil san iarratas fíor agus iomlán.

Dearbhaím ar m'fhocal agus ar m'fhírinne ar an dáta deiridh le haghaidh iarratas:

i. gur náisiúnach de cheann de Bhallstáit an Aontais Eorpaigh mé;

ii. go bhfuil lánchearta mar shaoránach á dteachtadh agam;

iii. go gcuirfidh mé ar fáil na teistiméireachtaí carachtair is gá chun na dualgais a chomhlíonadh;

iv. go bhfuil aon oibleagáidí atá orm faoi na dlíthe a bhaineann le seirbhís mhíleata comhlíonta agam;

v. go bhfuilim, a mhéid is eol dom, corpacmhainneach chun na dualgais atá beartaithe a chomhlíonadh;

vi. go bhfuilim faoi bhun na haoise scoir a dtiocfaidh éifeacht léi, i gcás oifigigh agus bhaill foirne eile an Aontais Eorpaigh, ag deireadh na míosa sin ina mbeidh mé 66 bliana d'aois;

vii. go bhfuil leibhéal oideachais agam arb ionann é agus cúrsa ollscoile críochnaithe atá deimhnithe trí bhíthin dioplóma a aithnítear go hoifigiúil i gceann de Bhallstáit an Aontais Eorpaigh maidir le cúrsa ollscoile de ghnáth-thréimhse ceithre bliana nó os a chionn, nó cúrsa ollscoile críochnaithe atá deimhnithe trí bhíthin dioplóma a aithnítear go hoifigiúil i gceann de Bhallstáit an Aontais Eorpaigh maidir le cúrsa ollscoile de ghnáth-thréimhse trí bliana ar a laghad, agus taithí ghairmiúil ábhartha a mhair bliain amháin ar a laghad;

viii. go bhfuil cúig bliana déag ar a laghad de thaithí ghairmiúil agam i réimse a bhaineann leis an bpost, agus cúig bliana díobh sin ar a laghad caite agam i ról inarbh í an chumarsáid an phríomhghníomhaíocht. As na cúig bliana déag sin, níor mhór cúig bliana díobh ar a laghad a bheith caite i bpost bainistíochta (cineál poist: ceann aonaid nó a choibhéis nó níos airde); i gcás cúrsa ollscoile de ghnáth-thréimhse trí bliana, ní chuirfear an taithí bliana breise de thaithí ghairmiúil ábhartha san áireamh nuair a bheidh meastóireacht á déanamh ar an taithí ghairmiúil riachtanach de bhun phointe 3(iii);

ix. go bhfuil sáreolas agam ar cheann amháin de theangacha oifigiúla an Aontais Eorpaigh agus eolas sásúil ar a laghad ar theanga oifigiúil eile de chuid an Aontais Eorpaigh;

x. go bhfuil eolas maith ar a laghad agam ar an mBéarla nó ar an bhFraincis (leibhéal B2).

Is dlúthchuid den chomhad iarratais an dearbhú seo agus an seicliosta agus is gá iad a chur isteach i gceangal leis an litir chumhdaigh uaim.

Is eol dom:

— go ndiúltófar do m'iarratas mura seolfaidh mé na doiciméid a iarradh i gcomhréir leis na socruithe atá leagtha síos san fhógra folúntais;

— go ndéanfar m'iarratas a neamhniú láithreach má tá aon dearbhú bréagach san iarratas.

Dáta: ..... Síniú: .....

IARSCRÍBHINN II

FÓGRA FOLÚNTAIS UIMH. COR/AD14/30BIS/26

SEICLIOSTA

Airteagal 29(2)

AN tIARRTHÓIR

Sloinne agus céadainm: .....

Dearbhaím go bhfuil na doiciméid seo a leanas san áireamh sa chomhad iarratais (cuir X sna boscaí ábhartha):

		TÁ	NÍL
1.	Cóip den dioplóma ollscoile lena ndeimhnítear tréimhse staidéir ceithre bliana nó níos faide **nó** Cóip den dioplóma ollscoile lena ndeimhnítear tréimhse staidéir trí bliana nó níos faide **agus** Taithí ghairmiúil chuí de bhliain amháin ar a laghad	☐	☐
2.	Doiciméid tacaíochta a thugann fianaise ar thaithí ghairmiúil 15 bliana ar a laghad (agus cúig bliana i ról inarbh í an chumarsáid an phríomhghníomhaíocht), agus cúig bliana díobh sin ar a laghad i bpost bainistíochta (cineál poist: ceann aonaid nó a choibhéis nó níos airde)	☐	☐
3.	Cóip de dhoiciméad oifigiúil aitheantais	☐	☐
4.	Litir chumhdaigh (cúig leathanach ar a mhéad) i mBéarla nó i bhFraincis	☐	☐
5.	CV i bhformáid Europass i mBéarla nó i bhFraincis	☐	☐
6.	Dearbhú de mheon macánta, agus dáta agus síniú air	☐	☐

Dáta: ..... Síniú: .....

IARSCRÍBHINN III

FORÁLACHA MAIDIR LE hIARRATAÍ AR ATHBHREITHNIÚ – GEARÁIN RIARACHÁIN AGUS IMEACHTAÍ BREITHIÚNACHA – GEARÁIN CHUIG AN OMBUDSMAN EORPACH – COMHDHEISEANNA – ROCHTAIN AR DHOICIMÉID – COSAINT SONRAÍ PEARSANTA

IARRATAÍ AR ATHBHREITHNIÚ

Gan dochar don cheart atá ag na hiarrthóirí gearán a dhéanamh faoi Airteagal 90(2) de na Rialacháin Foirne nó caingean a thabhairt os comhair Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh faoi Airteagal 91 de na Rialacháin Foirne, féadfaidh siad athbhreithniú inmheánach a iarraidh ar aon chinneadh a rinne an bord roghnúcháin má chuireann an cinneadh sin isteach go díreach agus láithreach bonn ar a stádas sa nós imeachta roghnúcháin ar an ábhar nár comhlíonadh na rialacha lena rialaítear an nós imeachta roghnúcháin mar atá leagtha síos san fhógra folúntais seo.

Ní mór an iarraidh chuí-réasúnaithe a sheoladh trí ríomhphost chuig Recruitment.DirD@cor.europa.eu laistigh de chúig lá oibre ón dáta a cuireadh an cinneadh in iúl don iarrthóir trí ríomhphost. Ní mór an cinneadh lena mbaineann a thabhairt le fios inti agus na forais ar a bhfuil an iarraidh bunaithe a leagan amach. Déanfaidh an bord roghnúcháin a chinneadh ina leith sin agus cuirfear freagra réasúnaithe chuig an iarrthóir in am agus i dtráth.

GEARÁIN RIARACHÁIN AGUS IMEACHTAÍ BREITHIÚNACHA

Féadfaidh na hiarrthóirí gearán riaracháin a dhéanamh faoi Airteagal 90(2) de na Rialacháin Foirne in aghaidh gníomhaíocht a dhéanann dochar dóibh. Ní mór an gearán a bheith curtha faoi bhráid an Údaráis Ceapacháin laistigh den teorainn ama atá leagtha síos in Airteagal 90(2) de na Rialacháin Foirne, trí leas a bhaint as an seoladh ríomhphoist feidhmiúil atá sonraithe chun na críche sin ag CnaR.

Lena chois sin, féadfaidh na hiarrthóirí caingean a thabhairt os comhair Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh faoi Airteagal 270 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh agus Airteagal 91 de na Rialacháin Foirne. Tá na ceanglais nós imeachta agus na teorainneacha ama leagtha amach sna Rialacháin Foirne agus i Rialacha Nós Imeachta na cúirte inniúla.

GEARÁIN CHUIG AN OMBUDSMAN EORPACH

Mar shaoránach den Aontas Eorpach, féadfaidh tú gearán a chur chuig:

An tOmbudsman Eorpach
1, avenue du Président Robert Schuman
CS 30403
67 001 Strasbourg
AN FHRAINC
https://www.ombudsman.europa.eu/ga/home

Gearán a chuirtear chuig an Ombudsman Eorpach, ní bheidh aon éifeacht fionraíochta aige ar na teorainneacha ama atá leagtha síos in Airteagal 90(2) agus Airteagal 91 de na Rialacháin Foirne. Sula gcuirtear gearán chuig an Ombudsman, caithfidh na hiarrthóirí dul i dteagmháil le CnaR i dtosach trí bhíthin na gcéimeanna riaracháin iomchuí.

COMHDHEISEANNA

Is fostóir comhdheiseanna é CnaR agus cinnteoidh sé go seolfar an nós imeachta roghnúcháin gan aon idirdhealú a bheith ann ar aon fhoras a thoirmisctear leis an dlí Eorpach is infheidhme.

Iarrthóirí a dteastaíonn cóiríocht réasúnta uathu, iarrtar orthu na socruithe a mheasann siad atá riachtanach le go bhféadfaidh siad páirt a ghlacadh sa nós imeachta roghnúcháin a chur in iúl i scríbhinn. Is faoi rún agus i gcomhréir leis na rialacha cosanta sonraí is infheidhme a láimhseálfar na hiarrataí sin. Iarrthóirí atá faoi mhíchumas a chuireann bac orthu a n-iarratas a chur isteach ar líne, ba cheart dóibh déanamh de réir na socruithe malartacha atá leagtha amach i bpointe 6.1 chun a n-iarratas a chur isteach.

IARRTHÓIRÍ ATÁ AG IARRAIDH ROCHTAIN AR DHOICIMÉID A BHAINEANN GO DÍREACH LEO

Tá sé de cheart ag na hiarrthóirí rochtain a fháil ar fhaisnéis áirithe a bhaineann go díreach agus go pearsanta leo, faoi réir an cheanglais go gcoimeádfar imeachtaí an bhoird roghnúcháin faoi rún.

I gcás ina n-iarrfaidh iarrthóir rochtain ar dhoiciméid a bhaineann go díreach leis nó léi, déanfar an iarraidh sin a scrúdú i gcomhréir leis na rialacha is infheidhme, lena n-áirítear rúndacht imeachtaí an bhoird roghnúcháin agus cosaint sonraí pearsanta. Féadfar na hiarrataí sin a chur isteach a luaithe a bheidh deireadh leis an nós imeachta roghnúcháin.

COSAINT SONRAÍ PEARSANTA

Is i gcomhréir le Rialachán (AE) 2018/1725 a dhéanfaidh CnaR sonraí pearsanta na n-iarrthóirí a phróiseáil. Tá tuilleadh faisnéise i dtaobh na gcuspóirí atá leis an bpróiseáil, fhaighteoirí na sonraí, na dtréimhsí a choinnítear na sonraí agus chearta na n-iarrthóirí le fáil san Fhógra maidir le Cosaint Sonraí dá dtagraítear i bpointe 9 den fhógra folúntais seo.

Dáta: ..... Síniú: .....